C/2024/2850

8.5.2024

P9_TA(2023)0388

Leasú a dhéanamh ar Threoracha áirithe maidir le bunú agus feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh (ESAP)

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Samhain 2023 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear treoracha áirithe maidir le bunú agus oibriú an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh (COM(2021)0724 – C9-0437/2021 – 2021/0379(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2024/2850)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0724),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0437/2021),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Meitheamh 2022 ([1]),

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 23 Márta 2022 ([2]),

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 28 Meitheamh 2023 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

— ag féachaint do Rialacha 57 agus 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla agus ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0023/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P9_TC1-COD(2021)0379

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 9 Samhain 2023 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2023/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha áirithe maidir le bunú agus feidhmiú an phointe rochtana aonair Eorpaigh

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Treoir (AE) 2023/2864).

([1]) IO C 307, 12.8.2022, lch. 4.
([2]) IO C 290, 29.7.2022, lch. 58.